AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2021
COM(2021) 571 final

2021/0202 (COD)
**SENSITIVE**[*]
*UNTIL ADOPTION*

Togra le haghaidh

# CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear cinneadh (AE) 2015/1814 maidir le méid na lamháltas atá le cur i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa go dtí 2030.

{SWD(2021) 552 final}

[*] Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Leis an **Teachtaireacht maidir leis an gComhaontas Glas don Eoraip**[1], seoladh straitéis nua fáis don Aontas arb é is aidhm leis sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas Eorpach, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha, atá tíosach ar acmhainní agus iomaíoch. Athdhearbhaítear leis uaillmhian an Choimisiúin chun a spriocanna aeráide a mhéadú agus go mbeadh an Eoraip ar an gcéad ilchríoch aeráidneodrach faoi 2050. Thairis sin, tá sé d'aidhm leis sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus ar thionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Tá riachtanas agus luach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip méadaithe i bhfianaise tionchar tromchúiseach phaindéim COVID-19 ar shláinte, ar dhálaí maireachtála agus oibre, agus ar fholláine shaoránaigh an Aontais.

Dúshlán práinneach is ea é dul i ngleic leis an athrú aeráide. I gcomhréir leis na torthaí eolaíocha sa Tuarascáil Speisialta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), ní mór astaíochtaí CO2 domhanda glan-nialasacha a bhaint amach thart ar an mbliain 2050, agus neodracht maidir le gach gás ceaptha teasa eile a bhaint amach a luaithe is féidir níos déanaí sa chéad. Is gá don Aontas a ghníomhaíocht a mhéadú mar gheall ar an dúshlán práinneach sin agus ceannaireacht dhomhanda a léiriú trína bheith aeráidneodrach faoi 2050. Leagtar amach an cuspóir seo sa Teachtaireacht '**Pláinéad Glan do Chách**' - Fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach ar mhaithe le geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch atá neodrach ó thaobh na haeráide de'[2].

Bunaithe ar straitéis an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus ar mheasúnú cuimsitheach tionchair, moladh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí Mheán Fómhair 2020 maidir le **Uaillmhian aeráide 2030 na hEorpa a ghéarú**[3] ('an plean um Sprioc Aeráide 2030') uaillmhian an Aontais a ardú agus moladh ann plean cuimsitheach chun sprioc cheangailteach an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030 a mhéadú i dtreo laghdú 55 % ar a laghad a bhaint amach ar astaíochtaí, agus sin a dhéanamh ar bhealach freagrach. Ach uaillmhian 2030 a ardú anois, tugtar cinnteacht don lucht ceaptha beartas agus d'infheisteoirí, ionas nach mbeidh mar thoradh ar chinntí a dhéanfar sna blianta romhainn ceangal a chur ar leibhéil astaíochtaí, rud a bheadh neamhréireach le cuspóir an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050. Tá sprioc 2030 i gcomhréir leis an gcuspóir i gComhaontú Pháras chun an méadú ar an teocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 °C agus iarrachtaí a dhéanamh é a choimeád faoi bhun 1.5 °C.

Thacaigh an Chomhairle Eorpach le sprioc cheangailteach nua an Aontais le haghaidh 2030 ag a cruinniú i mí na Nollag 2020[4]. D'iarr sí freisin ar an gCoimisiún '*a mheas cad é an bealach is fearr ar féidir leis na hearnálacha eacnamaíocha uile rannchuidiú le sprioc 2030*

---

1 COM(2019) 640 final.
2 COM(2018) 773 final.
3 COM (2020) 562 final.
4 Conclúidí ón gComhairle Eorpach, 10-11 Nollaig 2020 EUCO 22/20 CO EUR 17 CONCL 8.

*agus na tograí is gá a dhéanamh, lena ngabhfaidh mionscrúdú ar an tionchar comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta ar leibhéal na mBallstát, agus pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide á gcur san áireamh agus athbhreithniú á dhéanamh ar sholúbthachtaí atá ann cheana*'.

Chuige sin, beidh sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht ceangailteach ó thaobh dlí de faoin **Dlí Aeráide Eorpach**[5], mar a comhaontaíodh leis na comhreachtóirí, agus ardófar uaillmhian 2030 trí sprioc a shocrú chun laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí a bhaint amach faoi 2030 i gcomparáid le 1990.

Chun an chonair a mholtar sa Dlí Aeráide Eorpach a leanúint agus an leibhéal méadaithe uaillmhéine sin a sheachadadh faoi 2030, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir leis an aeráid agus le fuinnimh atá i bhfeidhm faoi láthair a meastar nach mbeidh mar thoradh orthu ach laghdú 40 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 agus laghdú 60 % faoi 2050. Tá an pacáiste reachtach seo 'Oiriúnach do 55' ('Fit for 55'), mar a fógraíodh sa phlean um Sprioc Aeráide 2030, ar an mbloc tógála is cuimsithí sna hiarrachtaí chun sprioc aeráide uaillmhianach nua 2030 a chur chun feidhme, agus beidh ar gach earnáil agus beartas eacnamaíoch rannchuidiú leis.

Mar chuid den phacáiste sin, ní mór don Choimisiún rannchuidiú comhshaoil Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (EU ETS) a mhéadú trí Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] (Treoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí) a leasú ar bhealach atá i gcomhréir leis an sprioc fhoriomlán. Ina theannta sin, is gá infheistíochtaí gearrthéarmacha nach ndearnadh a leithéid riamh a dhéanamh chun teacht slán ó thionchar diúltach ghéarchéim COVID-19 ar phoist, ioncaim agus gnóthais, lena n-áirítear sna hearnálacha a chumhdaítear le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (EU ETS).

Chun aghaidh a thabhairt ar an éagothroime struchtúrach idir soláthar lamháltas sa mhargadh agus an t-éileamh orthu agus chun feabhas a chur ar athléimneacht EU ETS in aghaidh suaití móra, le Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] (an Cinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh) bunaíodh cúlchiste cobhsaíochta margaidh (MSR) in 2018. Tá an cúlchiste i bhfeidhm ó 2019.

Feidhmíonn an cúlchiste trí choigeartuithe ar na méideanna bliantúla ar ceant a spreagadh. Chun an méid is mó intuarthachta a choimeád, le Cinneadh (AE) 2015/1814 (Cinneadh MSR) bunaíodh rialacha soiléire maidir le lamháltais a chur sa chúlchiste agus a scaoileadh uaidh.

---

[5] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

[6] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

[7] Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhar 2015 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE (IO L 264, 9.10.2015, lch. 1–5).

Leasaíodh na rialacha sin le Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8]. Le Treoir (AE) 2018/410 rinneadh an ráta iontógála (an céatadán ón líon iomlán lamháltas atá i gcúrsaíocht (TNAC) a chuirtear sa chúlchiste) a dhúbailt ó 12 % go 24 % go dtí 2023, agus rinneadh an t-íosmhéid atá le cur sa chúlchiste a dhúbailt ó 100 go 200 milliún lamháltas.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go socraítear go hindíreach leis an íosmhéid lamháltas atá le cur sa chúlchiste an TNAC íosta is gá chun iontógáil lamháltas sa chúlchiste a spreagadh (i.e. uastairseach an chúlchiste). Is gá go mbeadh an TNAC comhionann le 833 milliún ar a laghad ionas gurb é a bhíonn i gceist le 12 % den mhéid sin ná 100 milliún lamháltas ar a laghad a chur sa chúlchiste. Rinneadh an t-íosmhéid sin a dhúbailt i dteannta leis an gcéatadán iontógála ionas gur fhan uastairseach an chúlchiste mar an gcéanna (is ionann 24 % de 833 agus 200).

Ciallaíonn na hathruithe ar EU ETS chun uaillmhian le haghaidh 2030 a mhéadú, chomh maith le tionchar tosca seachtracha mar COVID-19 nó bearta náisiúnta mar deireadh a chur le gual nach mór go mbeadh rialacha bunúsacha an chúlchiste oiriúnach fós le leanúint ar aghaidh ag dul i ngleic le míchothromaíochtaí struchtúracha idir an soláthar agus an t-éileamh ar feadh na 10 mbliana. Thairis sin, le hAirteagal 3 den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh cuirtear de chúram ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an chúlchiste laistigh de 3 bliana ó thús a fheidhme, ar bhonn anailíse ar fheidhmiú ordúil an mhargaidh carbóin san Eoraip. Ní mór aird faoi leith a thabhairt san athbhreithniú ar phríomhpharaiméadair uimhriúla an chiste agus an riail neamhbhailíochtaithe[9], agus tionchar an chúlchiste ar fhás, phoist, ar iomaíochas tionsclaíoch an Aontais agus an riosca sceite carbóin a fhiosrú.

Léirítear leis an anailís a rinneadh sa Mheasúnú Tionchair, i gcomhthéacs an athbhreithnithe, gur cheart Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a chur in oiriúint do na dálaí nua beartais agus margaidh, agus do shuaití. Fuarthas ann freisin gur cheart go gcuimseofaí soláthar agus éileamh ón eitlíocht i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh. Pointe eile a tháinig chun cinn ón anailís go mbaineann éifeacht tairsí leis an iontógáil, agus gur cheart í sin a chur i gceart[10].

Ní mór an t-athbhreithniú ar na heilimintí sin a bhreithniú i gcomhar leis na héifeachtaí ar an gcobhsaíocht margaidh a bhainfeadh le huaillmhian EU ETS a mhéadú. Mar thoradh air sin, tá sé á chur i gcrích mar chuid den togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa ón

---

[8] Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 3–27).

[9] Tá an riail neamhbhailíochtaithe leagtha amach in Airteagal 1(5a) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh. Sonraítear ann, amhail ó 2023, go ndéanfar lamháltais arna gcoimeád sa chúlchiste atá os cionn méid iomlán na lamháltas a cuireadh ar ceant i gcaitheamh na bliana roimhe a neamhbhailíochtú.

[10] Mar léaráid i ndáil leis an éifeacht tairsí, más ionann an TNAC agus 834 mhilliún lamháltas, méid atá beagáinín níos airde ná an uastairseach de 833 milliún, i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an gcúlchiste, cuirtear 24 % den TNAC sa chúlchiste ansin. Má tá an TNAC díreach faoi bhun na tairsí, áfach, agus é comhionann le 832 milliún lamháltas, ansin ní chuirtear rud ar bith i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh.

gComhairle lena leasófar Treoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí agus an Cinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh chun Scéim AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí a neartú.[11].

De réir Airteagal 1(5) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, gabhfaidh an ráta iontógála ar ais go 12 % tar éis 2023. Mura ndéantar na paraiméadair don chúlchiste sin a choigeartú go hiomchuí agus go tráthúil, tá an baol ann go dtiocfadh méadú ar an mbarrachas mar thoradh air agus go bhféadfadh an méadú sin a bheith díobhálach. Dá réir sin, ba cheart leanúnachas na bparaiméadar reatha den chúlchiste, arna mbunú de bhun Threoir (AE) 2018/410 (ráta iontógála de 24 % agus íosmhéid le cur sa chúlchiste de 200 milliún lamháltas), a ghlacadh ar leithligh ón athbhreithniú ginearálta ar EU ETS mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55' ('Fit for 55') chun intuarthacht an mhargaidh a áirithiú.

Mar thoradh air sin, ba cheart an Cinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a leasú chun an coigeartú bunriachtanach sin a dhéanamh d'fhonn EU ETS a choinneáil ar bun, scéim uaillmhianach a fheidhmíonn go maith.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana**

Uirlis i gcomhair chobhsaíocht an mhargaidh arna bunú le EU ETS é Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh. Dá réir sin, déantar comhsheasmhacht an Chúlchiste le beartais eile an Aontais a áirithiú go príomha trí chomhsheasmhacht EU ETS le beartais eile an Aontais. Ós rud é nach bhfuil i gceist leis an togra reatha ach athruithe ar ghnéithe deartha an Chúlchiste, ní bhíonn éifeacht aige ar bheartais eile an Aontais.

Áirithítear comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais trí chomhleanúnachas an mheasúnaithe tionchair le haghaidh EU ETS agus an t-athbhreithniú MSR leis an gcuid eile den phacáiste aeráide agus fuinnimh 'Oiriúnach do 55' ('Fit for 55'): go háirithe na measúnuithe tionchair a bhaineann leis an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill; an Rialachán maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún, agus Foraoiseacht (LULUCF); Caighdeáin Feidhmíochta Astaíochtaí CO2 le haghaidh Gluaisteán agus Veaineanna; an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (REID II); an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (EED); agus, ag céim níos déanaí, an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgnimh. Gabhann cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh athruithe ar éileamh de thoradh na mbeartas comhlántach sin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é Airteagal 192 CFAE an bunús dlí don togra seo. I gcomhréir le hAirteagal 191 agus 192(1) de CFAE, rannchuideoidh an tAontas Eorpach, inter alia, leis na cuspóirí a leanas a shaothrú: cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; bearta a chur

[11] Treoir (AE) 2021/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú i gcomhair scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L […], […], lch. […]).

chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó fadhbanna comhshaoil ar fud an domhain, agus go háirithe leis an athrú aeráide a chomhrac.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá ceart ag an Aontas chun gníomh a ghlacadh de thoradh EU ETS a bheith ag feidhmiú mar chóras uile-Aontais ar bhealach atá comhchuibhithe go hiomlán. Ionstraim beartais reatha de chuid an Aontais a tugadh isteach in 2003 is ea an Treoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí.

Fadhb thrasteorann is ea an t-athrú aeráide agus féadfaidh gníomhaíocht idirnáisiúnta agus gníomhaíocht an Aontais araon an ghníomhaíocht réigiúnach, náisiúnta agus áitiúil a chomhlánú agus a dhaingniú go héifeachtach. Ach sprioc 2030 le haghaidh laghduithe i ngás ceaptha teasa a mhéadú, beidh tionchar ar go leor earnálacha ar fud gheilleagar an Aontais agus dá bhrí sin tá gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais fíor-riachtanach agus tá deis i bhfad níos mó go dtarlóidh an claochlú riachtanach dá bharr, ag feidhmiú mar spreagaí láidir le haghaidh athrú costéifeachtach agus cóineasú aníos.

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí Threoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí a ghnóthú go leordhóthanach agus iad ag gníomhú go haontaobhach, ach seachas sin, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na Treorach seo, is fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Ag teacht as sin, ós rud é gur uirlis le haghaidh chobhsaíocht an mhargaidh arna bunú le Treoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí é Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, ní féidir a chuspóir a bhaint amach go leordhóthanach ach an oiread le gníomhaíocht aontaobhach ó na Ballstáit. Ionstraim beartais reatha de chuid an Aontais a tugadh isteach in 2015 is ea í. I gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta atá leagtha amach in Airteagal 5 den CFAE, ní féidir cuspóirí an togra, lena leasófaí an ionstraim seo, a bhaint amach ach trí thogra ón gCoimisiún ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Mar a leagtar amach i roinn 7 den mheasúnú tionchair, cloíonn an togra le prionsabal na comhréireachta toisc nach dtéann sé níos faide ná an méid is gá d'fhonn na cuspóirí a bhaint amach i ndáil le sprioc an Aontais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú le haghaidh 2030 ar bhealach atá costéifeachtach, agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh á áirithiú an tráth céanna.

- **Anrogha ionstraime**

Ionstraim chuí atá i gCinneadh chun an Cinneadh lena mbunaítear Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a leasú.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní dhearnadh aon mheastóireacht ex post ná seiceáil oiriúnachta a bhaineann leis na tograí seo i ngeall nach raibh an reachtaíocht atá ann cheana i bhfad curtha chun feidhme, agus, dá dheasca sin, ní raibh ach sonraí teoranta ar fáil.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Leis an gcomhairliúchán ginearálta ar athbhreithniú EU ETS bailíodh tuairimí geallsealbhóirí maidir leis an athbhreithniú ar MSR.

Ar dtús d'iarr an Coimisiún aiseolas ar mheasúnú ar thionchar tionscanta, inar tugadh achoimre ar bhreithnithe tosaigh agus roghanna beartais an athbhreithnithe. Bhí an measúnú ar thionchar tionscanta oscailte i gcomhair aiseolais ón 29 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 26 Samhain 2020 agus fuarthas thart ar 250 aighneacht[12]. Ansin d'eagair an Coimisiún comhairliúchán poiblí ar líne le ceistneoir. Bhí sé ar oscailt ar feadh 12 sheachtain idir 13 Samhain 2020 agus 5 Feabhra 2021 agus fuarthas nach mór 500 freagra[13] Freisin d'ordaigh an Coimisiún don chonraitheoir Vivid Economics dhá cheardlann le saineolaithe[14] a eagrú ar an athbhreithniú ar chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh.

Tá tacaíocht láidir ag MSR i measc grúpaí geallsealbhóirí, ach ní ann d'aon chomhdhearcadh maidir leis na hathruithe is gá a dhéanamh ar a pharaiméadair, ar a thairseacha agus a ráta iontógála go háirithe. Léirigh an tsochaí shibhialta níos mó tacaíochta go bunúsach chun paraiméadair chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh a neartú ná mar a léirigh an earnáil phríobháideach. Aimsítear cothromaíocht réasúnta leis an togra chun leanúint ar aghaidh le ráta iontógála de 24 % agus íosmhéid de 200 milliún lamháltas le cur sa chúlchiste tar éis 2023 agus go dtí deireadh Chéim IV de Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais in 2030, agus é ag léiriú freisin gur fheidhmigh an Cúlchiste go maith lena pharaiméadair reatha san am atá thart.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Cuirtear leis an togra seo le fianaise a bailíodh i gcomhthéacs an mheasúnaithe tionchair[15] a ghabhann leis an bPlean um Sprioc Aeráide 2030. Baintear úsáid leis as Cás Tagartha AE a

12 Tá an toradh le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12660-Updating-the-EU-Emissions-Trading-System

13 Tá an toradh le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12660-Updating-the-EU-Emissions-Trading-System/public-consultation

14 https://ec.europa.eu/clima/events/expert-workshop-market-stability-reserve_en, https://ec.europa.eu/clima/events/2nd-expert-workshop-market-stability-reserve_en.

15 Go háirithe Vivid Economics, (2021) – Review of the EU ETS' Market Stability Reserve, tuarascáil a ullmhaíodh le haghaidh na hArd-Stiúrthóireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide.

tugadh cothrom le dáta[16], lena n-áirítear tionchair COVID-19, lena ndéantar forbairt ar na cásanna a forbraíodh le haghaidh an Phlean um Sprioc Aeráide 2030.

Ina theannta sin, braitheann an Coimisiún ar an mbailiúchán taighde eimpírigh phiarmheasúnaithe atá ag dul i méid ar EU ETS agus baineann leas as roinnt conarthaí tacaíochta. I measc na gconarthaí tacaíochta, rinne Vivid Economics staidéar chun tacú leis an gCoimisiún san athbhreithniú ar MSR[17]. I gcomhthéacs an staidéir, d'eagair Vivid Economics dhá cheardlann le saineolaithe, le rannpháirtíocht anailíseoirí, saineolaithe margaidh agus geallsealbhóirí. Bhí an staidéar sin ar son an ráta reatha iontógála a choimeád go dtí tar éis 2023.

- **Measúnú tionchair**

Tá measúnú tionchair ag gabháil leis an togra, agus cuireann an measúnú tionchair le torthaí an mheasúnaithe tionchair chuimsithigh a rinneadh ar an bPlean um Sprioc Aeráide 2030[18]. Tá sé bunaithe ar chásanna samhaltaithe comhtháite lena léirítear idirghníomhaíocht ionstraimí beartais éagsúla ar oibreoirí eacnamaíocha, chun comhlántacht, comhleanúnachas agus éifeachtacht a áirithiú maidir le huaillmhian aeráide 2030 agus 2050 a bhaint amach. Tá achoimre feidhmiúcháin agus an tuairim dhearfach ón mbord um ghrinnscrúdú rialála á gcur ar fáil go poiblí freisin. Maidir leis an togra seo, léiríodh leis an measúnú tionchair, chun dea-fheidhmiú EU ETS a choinneáil ar bun, nár cheart ceadú don ráta iontógála filleadh ar 12 % tar éis 2023, ach gur cheart é a choimeád ag 24 %, go dtí gur féidir an t-athbhreithniú iomlán a chur chun feidhme.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bheidh aon ualach díreach riaracháin d'fhiontair ag gabháil leis an togra seo ós rud é gurb é an Coimisiún a chuireann chun feidhme é.

I gcomhréir le gealltanas an Choimisiúin i leith Rialáil Níos Fearr, ullmhaíodh an togra go hionchuimsitheach, bunaithe ar thrédhearcacht iomlán agus caidreamh leanúnach le geallsealbhóirí, éisteacht le haiseolas seachtrach, agus grinnscrúdú seachtrach á chur san áireamh lena áirithiú go n-aimsítear an chothromaíocht cheart leis an togra (féach freisin an roinn maidir le saineolas a bhailiú agus a úsáid).

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear sa togra seo na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[19]. Go háirithe, cuirtear leis an togra seo leis an gcuspóir go dtabharfaí ardleibhéal cosanta don chomhshaol i gcomhréir le

16 Réamh-mheastacháin bunaithe ar shamhaltú ar threochtaí fuinnimh, iompair agus astaíochtaí gás ceaptha teasa go dtí 2050, ag forbairt ar shraith chomhsheasmhach toimhdí ar fud an Aontais, bheartais Bhallstáit agus an Aontais, saintréithe sonracha na mBallstát; agus ag brath ar chomhairliúchán le saineolaithe as na Ballstáit.

17 Vivid Economics (2021) – Review of the EU ETS' Market Stability Reserve", tuarascáil a ullmhaíodh le haghaidh na hArd-Stiúrthóireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide.

18 SWD(2020)176.

19 IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

prionsabal na forbartha inbhuanaithe, mar a leagtar síos in Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[20].

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Bíonn ioncam nach beag á ghiniúint ag EU ETS le haghaidh bhuiséid na mBallstát. Fabhraítear formhór an ioncaim ceantála chuig na Ballstáit. Baineann an togra le buiséid agus riaracháin náisiúnta go príomha mar gheall ar an nasc seo. Má choimeádtar ráta iontógála reatha an Chúlchiste laghdófar méideanna ceantála na mBallstát. Meastar, áfach, go ndéanfar sin a chúiteamh le héifeacht bharrachas laghdaithe lamháltas sa mhargadh ar phraghas de thoradh uaillmhian mhéadaithe EU ETS, agus an méadú beartaithe ar raon feidhme Threoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí chun muiriompar, agus iompar de bhóthar agus foirgnimh a chumhdach. Tíolacfaidh an Coimisiún coigeartuithe ar chreat buiséadach an Aontais mar chuid den phacáiste Acmhainní Dísle atá le teacht lena n-áirítear togra chun an creat airgeadais ilbhliantúil a leasú.

Déanfar roghanna forbartha agus soláthair TF i gcomhréir leis an gCumarsáid ar na treoirlínte maidir le teicneolaíocht faisnéise agus cibearshlándáil a chistiú, an 10 Meán Fómhair 2020[21].

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leanfaidh an Coimisiún d’fhaireachán agus de mheastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú EU ETS, lena n-áirítear Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, ina Thuarascáil bhliantúil ar an Margadh Carbóin, mar a fhoráiltear faoi Airteagal 10(5) den Treoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí. Leis an tionscnamh seo, cuirtear leis an bpróiseas atá bunaithe ar phleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus ar an gcreat trédhearcachta stóinsithe le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar fhaisnéis eile faoin aeráid atá i Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22]. Úsáidfidh an Coimisiún, inter alia, an fhaisnéis a chuirfidh Ballstáit faoina bhráid agus a thuairisceoidh Ballstáit faoin Rialachán maidir le Rialachas mar bhunús dá mheasúnú tráthrialta ar dhul chun cinn. Áirítear leis sin faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, beartais agus bearta, réamh-mheastacháin agus oiriúnú. Úsáidfidh an Coimisiún freisin an fhaisnéis seo le haghaidh na nAthbhreithnithe ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil agus chun faireachán a dhéanamh ar Chláir Gníomhaíochta don Chomhshaol.

---

[20] IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

[21] C(2020) 6126.

[22] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lgh. 1–77).

Thairis sin, tá meastóireacht ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm EU ETS rialaithe in Airteagal 21 den Treoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí, lena gceanglaítear ar Bhallstáit tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina dtugtar aird ar leith ar shaincheisteanna lena n-áirítear leithdháileadh lamháltas, feidhmiú na Clárlainne, cur i bhfeidhm an fhaireacháin agus an tuairiscithe, fíorú agus creidiúnú agus saincheisteanna a bhaineann le comhlíontacht.

Ina theannta sin, ceanglaíonn Airteagal 3 den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh, ar an gCoimisiún athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an gCúlchiste tar éis an chéad athbhreithnithe sin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Mar atá an Cinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh faoi láthair, rachaidh an ráta iontógála de 24 % don Chúlchiste agus an t-íosmhéid 200 milliún lamháltas atá le cur sa chúlchiste in éag in 2023. Amhail ó 2024, bheadh an ráta iontógála comhionann le 12 %. Tá sé léirithe leis an measúnú tionchair nárbh leor ráta iontógála 12 % chun a áirithiú go mbainfí amach fós spriocanna an Chúlchiste i dtéarmaí an barrachas a laghdú agus athléimneacht margaidh a áirithiú. Is é is aidhm don togra seo ná a áirithiú go gcoimeádfar paraiméadair reatha an Chúlchiste (ráta iontógála de 24 % agus íosmhéid de 200 milliún lamháltas atá le cur sa chúlchiste) tar éis 2023 agus go dtí deireadh Chéim IV de EU ETS an 31 Nollaig 2030 chun intuarthacht an mhargaidh a áirithiú. Rachadh ráta iontógála an Chúlchiste ar ais go 12 % tar éis 2030.

2021/0202 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear cinneadh (AE) 2015/1814 maidir le méid na lamháltas atá le cur i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa go dtí 2030.**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Comhaontú Pháras, a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (“UNFCCC”) i mí na Nollag 2015, tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 (‘Comhaontú Pháras’)[3]. D’aontaigh na páirtithe i gComhaontú Pháras an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta.

(2) Tá iarrachtaí chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach i gcroílár na Teachtaireachta maidir leis an ‘gComhaontú Glas don Eoraip’, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 11 Nollaig 2019[4].

(3) Nasctar leis an gComhaontú Glas don Eoraip sraith chuimsitheach beart agus tionscnamh a threisíonn a chéile go frithpháirteach agus atá dírithe ar an aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas Eorpach faoi 2050, agus leagtar amach ann straitéis nua fáis arb é is aidhm leis sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas Eorpach, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, a bheidh tíosach ar acmhainní, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta ó úsáid acmhainní. Tá sé d’aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. An tráth céanna, déantar difear leis an aistriú sin do mhná agus d’fhir ar bhealaí difriúla agus tá tionchar ar leith aige ar roinnt grúpaí faoi

1 IO C , , lch. .
2 IO C , , lch. .
3 Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4).
4 COM(2019) 640 final.

mhíbhuntáiste, amhail daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil cúlra cine mionlaigh nó eitnigh mionlaigh acu. Ní mór a áirithiú dá bhrí sin go mbeidh an t-aistriú cóir agus cuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil ar lár.

(4) Tá riachtanas agus luach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip méadaithe i bhfianaise tionchar tromchúiseach phaindéim COVID-19 ar shláinte, ar dhálaí maireachtála agus oibre, agus ar fholláine shaoránaigh an Aontais, a léiríonn gur gá dár sochaí agus dár ngeilleagar bheith níos athléimní in aghaidh suaití seachtracha agus gníomhú go luath chun iad a chosc nó a mhaolú. Leanann saoránaigh na hEorpa de thuairimí láidre a chur in iúl go mbaineann sé sin go háirithe leis an athrú aeráide[5].

(5) Thug an tAontas faoina ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair a laghdú san Aontas faoi 55 % ar a laghad faoi leibhéil 1990 faoin mbliain 2030 sa rannchuidiú a tugadh cothrom le dáta agus a cinneadh go náisiúnta, a cuireadh faoi bhráid Rúnaíocht UNFCCC an 17 Nollaig 2020[6].

(6) I Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] cumhdaíonn an tAontas an sprioc maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050 sa reachtaíocht. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin gealltanas ceangailteach aeráide an Aontais maidir le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre (an líon astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030.

(7) Is gá do gach earnáil den gheilleagar a cion a dhéanamh chun na laghduithe astaíochtaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart uaillmhian Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (EU ETS), arna bunú le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], a choigeartú chun bheith ar aon dul leis an ngealltanas chun glanlaghdú a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair le haghaidh 2030.

(8) Chun aghaidh a thabhairt ar an éagothroime atá ann faoi láthair idir soláthar agus éileamh lamháltas sa mhargadh, bunaíodh cúlchiste cobhsaíochta margaidh (an ‘cúlchiste) faoi Chinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] in 2018 atá i bhfeidhm ó 2019.

(9) Feidhmíonn an cúlchiste trí choigeartuithe a spreagadh ar na méideanna bliantúla lamháltas atá le cur ar ceant. Chun an méid is mó intuarthachta a choimeád, le Cinneadh (AE) 2015/1814 bunaíodh rialacha soiléire maidir le lamháltais a chur sa chúlchiste agus a scaoileadh uaidh.

---

[5] Eorabharaiméadar Speisialta 513 maidir leis an Athrú Aeráide, 2021 (https://ec.europa.eu/clima/citizens/support_en).

[6] https://www4.unfccc.int/sites/ndcstaging/PublishedDocuments/European %20Union %20First/EU_NDC_Submission_December %202020.pdf

[7] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (‘An Dlí Aeráide Eorpach’) (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

[8] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

[9] Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhar 2015 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú le haghaidh scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE (IO L 264, 9.10.2015, lch. 1).

(10) I gcás ina bhfuil líon na lamháltas atá i gcúrsaíocht os cionn na huastairsí bunaithe, déantar méid lamháltas a chomhfhreagraíonn do chéatadán áirithe de na lamháltais sin a asbhaint de mhéid na lamháltas atá le cur ar ceant agus cuirtear sa chúlchiste é. Idir an dá linn, scaoiltear líon comhfhreagrach lamháltas ón gcúlchiste chuig Ballstáit, agus cuirtear é le líon na lamháltas atá le cur ar ceant, má thiteann líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht faoi bhun na híostairsí bunaithe.

(11) Le Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] leasaíodh Cinneadh (AE) 2015/1814 tríd an ráta céatadáin atá le húsáid chun cinneadh a dhéanamh maidir le líon na lamháltas atá le cur sa chúlchiste gach bliain a dhúbailt ó 12 % go 24 % go dtí an 31 Nollaig 2023.

(12) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2015/1814, laistigh de 3 bliana ó thús feidhme an chúlchiste déanfaidh an Coimisiún a chéad athbhreithniú ar bhonn anailíse ar fheidhmiú ordúil mhargadh carbóin na hEorpa agus, i gcás gurb iomchuí, cuirfidh sé togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(13) Tugadh aird faoi leith san athbhreithniú ar an bhfigiúr céatadáin chun líon na lamháltas atá le cur sa chúlchiste a chinneadh, chomh maith le luach uimhriúil na tairsí le haghaidh líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht agus líon na lamháltas atá le scaoileadh ón gcúlchiste.

(14) Léiríonn an anailís a rinneadh i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar an gcúlchiste agus na bhforbairtí ionchasacha atá ábhartha don mhargadh carbóin nach leor ráta 12 % de líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht le cur sa chúlchiste gach bliain tar éis 2023 chun méadú suntasach ar an mbarrachas lamháltas sa EU ETS a chosc. Dá bhrí sin, tar éis 2023 ba cheart gur 24 % a bheadh san fhigiúr céatadáin fós agus ba cheart líon íosta de 200 milliún lamháltas a chur sa chúlchiste fós.

(15) Má théann an ráta de líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht atá le cur sa chúlchiste gach bliain ar ais go 12 % tar éis 2023, d'fhéadfadh sé go mbeadh barrachas lamháltas sa EU ETS, rud a d'fhéadfadh a bheith díobhálach agus a d'fhéadfadh cur isteach ar chobhsaíocht an mhargaidh. Ina theannta sin, ba cheart an ráta de 24 % tar éis 2023 a bhunú ar leithligh ón athbhreithniú ginearálta ar Threoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814 chun Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a neartú ar aon dul le huaillmhian mhéadaithe aeráide an Aontais le haghaidh 2030 chun intuarthacht an mhargaidh a áirithiú.

(16) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (AE) 2015/1814 a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Chinneadh (AE) 2015/1814**

In Airteagal 1(5), an chéad fhomhír, de Chinneadh (AE) 2015/1814, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deireanaí:

'De mhaolú ar an gcéad abairt agus an dara habairt, déanfar na céatadáin agus na 100 milliún lamháltas dá dtagraítear sna habairtí sin a dhúbailt go dtí an 31 Nollaig 2030.'

---

[10] Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 3).

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |